AN COIMISIÚN
EORPACH

Lucsamburg, 10.3.2021
COM(2021) 110 draft

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais Eorpaigh: dúshláin nua, na prionsabail chéanna**

GA GA

1. **Réamhrá: dúshláin nua agus seandúshláin do chabhair dhaonnúil an Aontais**

Is é an tAontas Eorpach, in éineacht lena Bhallstáit, **an deontóir daonnúil is mó ar domhan**. Tá siad freagrach as thart ar 36 % den chabhair dhaonnúil dhomhanda a chuirtear ar fáil[1]. Sa lá atá inniu ann tá lorg na gcoinbhleachtaí agus na dtubaistí ag méadú go seasta, agus is príomhcholún de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais í an chabhair dhaonnúil agus is cuid thábhachtach í den chumas atá ag an Aontas a luachanna a chur chun cinn ar fud an domhain.

Mar sin féin, tá sraith dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo le sárú ag an gcabhair dhaonnúil anois, dúshláin atá níos measa fós mar gheall ar phaindéim COVID-19. **Tá na riachtanais dhaonnúla níos géire ná riamh**, agus is é is cúis leis sin den chuid is mó an borradh atá ag teacht faoi choinbhleachtaí státbhunaithe[2], mar aon le tionchar an athraithe aeráide, díghrádú comhshaoil, méadú daonra domhanda agus rialachas teipthe. Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar an m**bearna idir riachtanais dhaonnúla agus na hacmhainní atá ar fáil** ar fud an domhain. **Táthar ag ceistiú noirm agus prionsabail bhunúsacha** ar bhealach nach bhfacthas rómhinic roimhe seo, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra agus níos contúirtí cabhair a sheachadadh.

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo conas is féidir leis an Aontas Eorpach, agus é ag obair lena chomhpháirtithe daonnúla éagsúla agus le deontóirí eile, dul i ngleic leis an dúshlán sin.

*Riachtanais dhaonnúla: cuar atá ag dul i méid – arna spreagadh go mór ag COVID-19 agus ag tionchair aeráide*

**Graph (Irish in blue)**

People in need – Daoine i ngátar

Figures as of launch of the Global Humanitarian Overview. Changes to the population figures and financial requirements for the Regional Refugee Response Plans (RRPs) have occurred because of the overlap with Humanitarian Response Plans (HIRPs) –

Figiúirí mar a bhí nuair a seoladh an Forbhreathnú Daonnúil Domhanda. Tháinig athruithe ar fhigiúirí daonra agus ar cheanglais airgeadais le haghaidh na bPleananna Freagartha Réigiúnacha le haghaidh Dídeanaithe (RRPanna) mar gheall ar an bhforluí le Cairt na bPleananna Freagartha Daonnúla (HIRPanna)


Chart: UN Global Humanitarian Overview 2021 – Cairt: Forbhreathnú Daonnúil Domhanda na Náisiún Aontaithe 2021

Source: Humanitarian Insight: – Foinse: Humanitarian Insight:

[1] In 2020, bhí luach EUR 7.577 billiún le maoiniú leithdháilte an Aontais agus na mBallstát le chéile (https://fts.unocha.org/)

[2] Institiúid Taighde Síochána Osló, *Conflict Trends: A Global Overview, 1946–2019 [Treochtaí Coimhlinte: Forbhreathnú Domhanda, 1946-2019]*.

**People in need (2012-2021)**




*Figures as of launch of the Global Humanitarian Overview. Changes to the population figures and financial requirements for the Regional Refugee Response Plans (RRPs) have occurred because of the overlap with Humanitarian Response Plans (HRPs)*

Chart: UN Global Humanitarian Overview 2021 • Source: Humanitarian Insight

Tá freagracht dhomhanda an Aontais mar ghníomhaí daonnúil níos suntasaí ná riamh ó tháinig **paindéim COVID-19** chun cinn. In 2021, meastar gur thit 150 milliún duine san fhíorbhochtaineacht mar thoradh ar an bpaindéim[3]. Chuir COVID-19 leis na leochaileachtaí agus na neamhionannais a bhí ann cheana agus mhéadaigh sé a thuilleadh na riachtanais dhaonnúla. Measann na Náisiúin Aontaithe (NA) go mbeidh cúnamh daonnúil de dhíth ar bheagnach 235 mhilliún duine – sin duine amháin as gach 33 ar fud an domhain – in 2021. Is méadú 40 % é sin ar na riachtanais a measadh a bheadh ann in 2020 (roimh COVID-19) agus is méadú faoi thrí é, nach mór, ó bhí 2014 ann. Tá méadú faoi dhó tagtha ar an líon daoine a easáitíodh go héigeantach ó bhí 2010 ann, agus bhí an figiúr sin chomh hard le 79.5 milliún faoi dheireadh 2019[4]. Maireann an mheán-ghéarchéim dhaonnúil níos mó ná 9 mbliana sa lá atá inniu ann, agus maireann go leor acu i bhfad níos faide, na géarchéimeanna i gcomharsanacht na hEorpa san áireamh. Mar thoradh air sin, ligtear an iliomad géarchéimeanna daonnúla 'i ndearmad[5]'.

Is é an chaoi ar fhreagair an tAontas agus a Bhallstáit gur chuir siad pacáiste freagartha **Team Europe**[6] dar luach EUR 38.5 billiún le chéile ó mhí Aibreáin 2020 i leith, pacáiste a bhfuil EUR 3.49 billiún de tiomnaithe do na riachtanais freagartha éigeandála agus dhaonnúla a eascraíonn as an bpaindéim.

Tá **an t--athrú aeráide** ag cur le díghrádú an chomhshaoil agus leis na hiarmhairtí a bhaineann le bainistiú neamh-inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus ag cur le riachtanais dhaonnúla an tráth céanna. Chomh maith le guaiseacha nádúrtha atá ag éirí níos minice agus

[3] An Banc Domhanda, *Global Economic Prospects [Ionchais Eacnamaíochta Dhomhanda]*, Eanáir 2021.

[4] UNHCR, *Global Trends, Forced Displacement in 2019 [Treochtaí Domhanda, Easáitiú Éigeantach in 2019]*, https://www.unhcr.org/globaltrends2019

[5] Géarchéimeanna daonnúla a bhfuil freagairt theoranta ó dheontóirí agus ganntanais mhaoiniúcháin fhoriomlána ag baint leo agus nár tugadh mórán airde orthu sna meáin.

[6] Tá Foireann na hEorpa comhdhéanta den Aontas, dá Bhallstáit, dá líonra taidhleoireachta, d'institiúidí airgeadais cuir i gcás bainc forbartha náisiúnta agus gníomhaireachtaí cur chun feidhme, chomh maith leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF). Tuilleadh eolais: https://ec.europa.eu/international-partnerships/topics/eu-global-response-covid-19_en#header-2844

níos déine agus a bhíonn ina gcúis le tubaistí, tá an t--athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil i measc bhunchúiseanna na coinbhleachta, na neamhshlándála bia agus an easáitithe. In 2018, bhí cúnamh daonnúil idirnáisiúnta de dhíth ar thart ar 108 milliún duine mar thoradh ar stoirmeacha, tuilte, triomaigh agus falscaithe[7]. Faoi 2050, d'fhéadfadh cabhair dhaonnúil a bheith de dhíth ar bhreis agus 200 milliún duine gach bliain mar thoradh ar thubaistí a bhaineann leis an aeráid[8] agus ar thionchar socheacnamaíoch an athraithe aeráide.

*Bearna mhaoiniúcháin atá ag dul i méid – agus bonn docht cúng deontóirí*

In 2020, tháinig borradh faoi achainíocha daonnúla uile na Náisiún Aontaithe go beagnach EUR 32.5 billiún – an figiúr is airde riamh, rud eile arbh é tionchar COVID-19 ba chúis leis. Thairis sin, tá bearna mhaoiniúcháin EUR 17.5 billiún ann – níos mó ná leath den mhaoiniú iomlán. De réir na Náisiún Aontaithe, tá gá le EUR 29 mbilliún ar dtús chun achainíocha daonnúla na Náisiún Aontaithe in 2021 a chumhdach[9]. Cé go bhfuil dlús suntasach curtha ag an Aontas agus ag deontóirí eile lena n-iarrachtaí le blianta beaga anuas, agus gur tháinig méadú ar an maoiniú daonnúil domhanda d'achainíocha daonnúla na Náisiún Aontaithe ó EUR 4.1 billiún in 2012 go EUR 15 bhilliún in 2020, **tá an bhearna dhomhanda sa mhaoiniú daonnúil ag leathnú go tapa mar sin féin. Is dócha go dtiocfaidh méadú breise ar an mbearna sin** toisc go mbeidh geilleagair na ndeontóirí fós faoi strus mar gheall ar iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta COVID-19. D'fhógair roinnt deontóirí móra ciorruithe cheana féin ar a mbuiséid chabhrach nó ar a ranníocaíochtaí le géarchéimeanna móra. Is cúis imní é go bhfuil an maoiniú daonnúil domhanda fós ag brath go mór ar líon an-teoranta deontóirí: in 2020, ba iad na deich ndeontóir ba mhó ar fud an domhain a chuir ar fáil 83 % den mhaoiniú a tuairiscíodh[10]. Is amhlaidh an scéal laistigh den Aontas freisin, áit a dtagann formhór mór mhaoiniú daonnúil foriomlán an Aontais ó bhuiséad líon an-bheag Ballstát agus ó bhuiséad an Aontais[11]. Níl sin inmharthana.

---

[7] An Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta, *State of Climate Services 2020 Report [Tuarascáil 2020 ar Staid na Seirbhísí Aeráide].*

[8] Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, *The Cost of Doing Nothing [An Costas a bhaineann le Gan Dada a Dhéanamh],* September 2019.

[9] Na Náisiúin Aontaithe, *Global Humanitarian Overview 2021 [Forléargas Daonnúil Domhanda 2021]*

[10] UN OCHA, an tSeirbhís Rianaithe Airgeadais, https://fts.unocha.org/

[11] https://fts.unocha.org/

Graph:

Funding gap – Bearna mhaoiniúcháin


Requirements – Ceanglais

Funding – Maoiniú

Chart: UN Global Humanitarian Overview 2021 – Cairt: Forbhreathnú Daonnúil Domhanda na Náisiún Aontaithe 2021

Source: Humanitarian Insight – Foinse: Humanitarian Insight

Source: Financial Tracking Service – Foinse: Seirbhís Rianaithe Airgeadais




*Bacainní ar rochtain ar chabhair dhaonnúil agus ar sheachadadh cabhrach daonnúla*

In go leor coinbhleachtaí, tá méadú ag teacht ar ionsaithe díreacha a dhéanann lucht cogaíochta go minic d'aon ghnó ar shibhialtaigh, ar ospidéil agus ar scoileanna de shárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. In 2019, tuairiscíodh 277 n-ionsaí ar oibrithe cabhrach daonnúla, agus maraíodh 125 acu[12]. In go leor géarchéimeanna, bíonn ar ghníomhaireachtaí cúnaimh déileáil le baic riaracháin agus srianta eile freisin, rud a d'fhéadfadh bac a chur orthu freastal ar dhaoine atá buailte. Mar gheall ar dhianghlasáil COVID-19 agus na srianta gluaiseachta a tháinig ina dhiaidh sin, tá sraith eile dúshlán ann maidir le cabhair a sheachadadh do na pobail atá buailte.

**I bhfianaise na dtreochtaí agus na ndúshlán sin, ní mór don Aontas spreagadh athnuaite a thabhairt dá bheartas maidir le cabhair dhaonnúil ionas gur féidir leis aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla atá ag dul i méid ar bhealach níos éifeachtaí agus tacú le timpeallacht chumasúcháin níos fearr chun cabhair dhaonnúil**

[12] Torthaí Daonnúla, *Bunachar Sonraí Slándála na nOibrithe Cabhrach*, https://aidworkersecurity.org/incidents/report

**phrionsabálta a sholáthar. An tráth céanna, leanfaidh sé de bheith ag obair go dlúth le gníomhaithe forbartha agus cothaithe síochána chun réitigh fhadtéarmacha a chur chun cinn.**

## 2. Ag tógáil ar dhúshraith dhaingean: prionsabail sheanbhunaithe na cabhrach daonnúla

Tá cabhair dhaonnúil an Aontais ag brath ar bhunús láidir dlí agus ar shraith croíphrionsabal agus cuspóirí coiteanna. Leanfaidh sé air ag cloí go docht le prionsabail dhaonnúla uilíocha na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, mar a chumhdaítear faoin dlí idirnáisiúnta. A chinntiú go n-urramóidh gníomhaithe stáit agus neamhstáit an dlí daonnúil idirnáisiúnta, beidh sé sin fós ina chuspóir bunriachtanach de bheartas an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil.

Is é an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil[13] an creat tagartha i gcónaí do ghníomhaíocht dhaonnúil an Aontais. In éineacht leis an Rialachán maidir le Cabhair Dhaonnúil[14], leagtar amach sa Chomhdhearcadh cineál sonrach agus sainordú sonrach na cabhrach daonnúla: is ar bhonn riachtanas amháin a chuirtear cabhair dhaonnúil an Aontais ar fáil, i gcomhréir le prionsabail na dea-dheontóireachta daonnúla[15]. Mar a mheabhraítear freisin i gcur chuige comhtháite an Aontais i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha[16], níl tionchar ag aon chuspóir polaitiúil, straitéiseach, míleata ná eacnamaíoch ar chabhair dhaonnúil an Aontais. Tá sé sin ríthábhachtach freisin chun a chinntiú gur féidir cabhair a thabhairt do dhaoine atá buailte ag géarchéim i dtimpeallachtaí polaitiúla agus slándála a bhíonn casta go minic.

Cé gur cuid lárnach de fhreagairt fhoriomlán an Aontais ar ghéarchéimeanna í an chabhair dhaonnúil, cosnaíonn an tAontas cineál ar leith a chúnaimh dhaonnúil, agus an tráth céanna déanann sé an nasc le cúnamh forbartha an Aontais, le réiteach coinbhleachtaí agus le tionscnaimh cothaithe síochána a dhoimhniú a thuilleadh.

Leanfaidh freagairt dhaonnúil an Aontais de bheith ag cloí leis an bprionsabal '**gan dochar a dhéanamh**' do na pobail agus don chomhshaol[17] atá buailte agus déanfaidh sé a dhícheall a bheith **tuisceanach ó thaobh coinbhleachta de** ionas nach dtreiseoidh sé coinbhleacht de thaisme. Leanfaidh sé de **chomhordú daonnúil míleata sibhialta** éifeachtach a chur chun cinn agus a neartú ionas go gcosnófar an spás daonnúil.

Is minic gurb í an chabhair dhaonnúil an príomhchineál cúnaimh a chuirtear ar fáil do dhaoine atá buailte ag géarchéim. Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar na riachtanais agus go bhfuil brú as cuimse ar na buiséid chabhrach, tá an baol ann go bhfágfar daoine agus

---

[13] http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?qid=1431445468547&uri=CELEX:42008X0130(01).

[14] Sainítear i Rialachán 1257/96 ón gComhairle an chaoi a gcuirtear cúnamh daonnúil an Aontais ar fáil; bunaítear leis gur cheart go gcuirfí cúnamh daonnúil an Aontais ar fáil do dhaoine atá buailte ag tubaiste nó coinbhleacht, gan beann ar chine, ar ghrúpa eitneach, ar reiligiún, ar ghnéas, ar aois, ar náisiúntacht ná ar chleamhnacht pholaitiúil na ndaoine sin agus níor cheart an cúnamh a bheith treoraithe ag cúinsí polaitiúla ná é a chur faoina réir.

[15] https://www.ghdinitiative.org/ghd/gns/principles-good-practice-of-ghd/principles-good-practice-ghd.html

[16] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-5413-2018-INIT/ga/pdf

[17] Sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, iarrtar go ndéanfaí breithnithe comhshaoil a chomhtháthú i mbeartais agus in idirghabhálacha earnála maidir le cabhair dhaonnúil.

pobail áirithe ar lár. **Leanfaidh an tAontas d'fhreagairt chothrom ar riachtanais a chinntiú** agus leanfaidh sé de 15 % dá bhuiséad daonnúil tosaigh a chaitheamh ar **'ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad'**.

Leanfaidh comhtháthú leanúnach na **cosanta** do dhaoine atá gafa i ngéarchéimeanna, cuir i gcás trí fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach agus gnéaschiapadh a chosc, a mhaolú agus freagairt dóibh, leanfaidh sin de bheith ina ghné láidir de chabhair dhaonnúil an Aontais, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le hInscne[18]. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don **Treoir Dhomhanda um Ghníomh a dhéanamh maidir le Cosaint ar Fhoréigean Inscnebhunaithe i gCásanna Éigeandála**[19]. Ina theannta sin seasfaidh sé lena ghealltanais aghaidh a thabhairt go mear ar aon chineál mí-iompair in earnáil na cabhrach idirnáisiúnta agus cuntasacht a mhéadú[20].

Beidh daoine i gcónaí ag croílár chabhair dhaonnúil an Aontais, agus beidh deiseanna ann do **thairbhithe cabhrach a bheith rannpháirteach go fóinteach i gcinntí** a dhéanann difear dóibh. Tá an tAontas tiomanta freastal ar riachtanais agus ar chearta grúpaí sonracha freisin, mná, leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas san áireamh. Cuireann an méid sin le clár oibre foriomlán comhionannais an Aontais[21], príomhthosaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh **rochtain ag leanaí i suíomhanna géarchéime ar scolaíocht shábháilte chomhsheasmhach**, ach is mór idir sin agus an scéal mar atá i ngach áit. Táthar ag díriú níos mó agus níos mó ionsaithe foréigneacha d'aon ghnó ar bhunaíochtaí oideachais – agus ar dhaltaí féin – go háirithe i réigiún na Saiheile. Idir an dá linn, cé gur chuidigh réitigh dhigiteacha agus chianda le leibhéal leanúnachais a chinntiú do dhaltaí in go leor áiteanna le linn phaindéim COVID-19, ní raibh rochtain ar na deiseanna sin ag go leor faighteoirí cabhrach daonnúla, agus bhí dúshláin ar leith roimh leanaí dídeanaithe agus leanaí easáitithe ina dtír féin maidir le rochtain a fháil ar oideachas. Measann na Náisiúin Aontaithe[22] go bhfuil baol ann nach bhfillfidh beagnach 24 mhilliún leanbh agus duine óg i

---

[18] https://ec.europa.eu/international-partnerships/news/gender-action-plan-putting-women-and-girls-rights-heart-global-recovery-gender-equal-world_en

[19] Bhí an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir leis an Treoir um Ghníomh a Dhéanamh (https://www.calltoactiongbv.com/) ó mhí an Mheithimh 2017 go dtí mí na Nollag 2018 agus d'eisigh sé treoir oibríochtúil maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú i ngníomhaíochtaí daonnúla arna maoiniú ag an Aontas: https://ec.europa.eu/echo/sites/echo-site/files/2019-01_disability_inclusion_guidance_note.pdf

[20] D'fhormhuinigh an tAontas na 'Gealltanais a thug deontóirí chun dul i ngleic le teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach agus gnéaschiapadh in earnáil na cabhrach idirnáisiúnta' agus 'Moladh 2019 ón gCoiste Cúnaimh Forbartha maidir le Deireadh a chur le Teacht i dTír Gnéasach, le Mí-úsáid agus le Ciapadh sa Chomhar um Fhorbairt agus sa Chabhair Daonnúil'.

[21] Is príomhthosaíocht beartais de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é 'Comhionannas do chách agus gach gné den chomhionannas'. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ó mhí an Mhárta 2020 i leith, tá sraith tionscnamh agus straitéisí comhionannais sonracha curtha chun cinn ag an gCoimisiún a bhaineann go háirithe le comhionannas inscne, míchumas, agus leis an gcomhrac i gcoinne cineálacha éagsúla idirdhealaithe. Áirítear orthu sin go háirithe Plean Gníomhaíochta III an Aontais maidir le hInscne sa chaidreamh seachtrach; Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025; Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas; Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025; Plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2020–2025; Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030. (https://ec.europa.eu/commission/commissioners/2019-2024/dalli/announcements/union-equality-first-year-actions-and-achievements_en). Féach Plean gníomhaíochta an Aontais maidir le cearta an duine agus an daonlathas 2020-2024 freisin (https://ec.europa.eu/transparency/regdoc/rep/10101/2020/EN/JOIN-2020-5-F1-EN-ANNEX-1-PART-1.PDF)

[22] Na Náisiúin Aontaithe, *Forléargas Daonnúil Domhanda 2021.*

ngéarchéimeanna daonnúla ar scoil mar gheall ar COVID-19. Tá cailíní i mbaol níos mó fós; go minic, mar gheall nach bhfreastalaíonn siad ar scoil, bíonn luathphósadh nó pósadh éigeantach i ndán dóibh[23]. Leanfaidh an tAontas de bhéim láidir a leagan ar thacaíocht a thabhairt do **chosaint leanaí agus d'oideachas i gcásanna éigeandála**, go háirithe rochtain ar oideachas do chailíní i gcomhthéacsanna daonnúla. Leanfaidh sé de 10% ar a laghad dá bhuiséad daonnúil bliantúil a leithdháileadh ar an tosaíocht sin (suas ó 1 % in 2015) agus glacfaidh sé páirt iomlán sa 'Dearbhú maidir le Scoileanna Sábháilte[24]'.

Ar deireadh, beidh **iltaobhachas[25]** éifeachtach agus **comhordú faoi stiúir na Náisiún Aontaithe** fós lárnach do ghníomhaíocht dhaonnúil an Aontais, mar phríomhchumasóirí freagartha daonnúla a bheidh comhleanúnach agus ar bhonn prionsabail. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas de bheith ag brath ar líonra láidir comhpháirtithe éagsúla, cuir i gcás eagraíochtaí neamhrialtasacha, gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, cistí agus cláir agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, chomh maith le gníomhaireachtaí speisialaithe Bhallstáit an Aontais. Tá comhar leis na comhpháirtithe éagsúla sin ríthábhachtach chun difríocht a dhéanamh agus chun torthaí ardcháilíochta a bhaint amach ar an láthair.

---

[23] Féach achoimre bheartais Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe 'The impact of COVID-19 on women' [Tionchar COVID-19 ar mhná]: https://www.unwomen.org/en/digital-library/publications/2020/04/policy-brief-the-impact-of-covid-19-on-women; Féach suíomh gréasáin na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne maidir le tionchair inscneacha COVID-19 freisin: https://eige.europa.eu/topics/health/covid-19-and-gender-equality

[24] Is tionscnamh idir-rialtasach é an Dearbhú maidir le Scoileanna Sábháilte (2015) faoi stiúir na hIorua agus na hAirgintíne a fhéachann le cosaint an oideachais ar ionsaí a neartú agus leanúnachas an oideachais shábháilte a chinntiú le linn coinbhleachtaí armtha.

[25] Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le rannchuidiú an Aontais le hiltaobhachas riailbhunaithe a neartú https://eeas.europa.eu/sites/default/files/en_strategy_on_strengthening_the_eus_contribution_to_rules-based_multilateralism.pdf

**3. Aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag dul i méid, an bhearna mhaoiniúcháin a laghdú**

**3.1 Seachadadh níos fearr: Borradh a chur faoin éifeachtacht agus faoin éifeachtúlacht, agus an nuálaíocht agus na cumais a ghiaráil**

Ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla siar in 2016 d'aithin na príomhdheontóirí agus na príomheagraíochtaí cabhrach daonnúla an dúshlán struchtúrach a bhaineann le riachtanais atá ag dul i méid agus bonn acmhainní finideach. Tháinig siad ar chomhaontú maidir le 'Margadh Mór' chun cleachtais oibre deontóirí agus eagraíochtaí cabhrach a oiriúnú d'fhonn éifeachtúlacht agus tionchar a uasmhéadú[26]. Tá na smaointe lárnacha atá taobh thiar den Mhargadh Mór níos bailí agus níos práinní ná riamh: **solúbthacht ó thaobh na ndeontóirí de** chun é a chur ar a gcumas do chomhpháirtithe daonnúla freagairt thráthúil oiriúnaithe a thabhairt, agus comhchuibhiú á dhéanamh an tráth céanna ar na ceanglais tuairiscithe throma a bhíonn ar dheontóirí éagsúla. Mar chúiteamh air sin, rinne eagraíochtaí cabhrach **athnuachan ar a dtiomantas** do **mheasúnuithe comhordaithe ar riachtanais**, **cuntasacht** do thairbhithe agus do cháiníocóirí, **trédhearcacht agus infheictheacht** an chúnaimh ó dheontóirí, agus chinntigh siad an tráth céanna go sroichfeadh an sciar is airde is féidir de chistí daoine a bhfuil cúnamh de dhíth orthu. An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach gur féidir maoiniú a shlógadh go tapa mar fhreagairt ar éigeandálaí gan choinne (mar a léiríodh le COVID-19) agus ar thubaistí nádúrtha a tharlaíonn go tobann níos minice, mar shampla na tubaistí sin arb é an t-athrú aeráide is cúis leo. Beidh sé d'aidhm ag an Aontas a shásraí maoiniúcháin a nuachóiriú a thuilleadh chun **níos mó solúbthachta oibríochtúla** a chur ar fáil dá chomhpháirtithe daonnúla agus **breisluach agus infheictheacht chúnamh an Aontais** a fheabhsú an tráth céanna.

| |
|---|
| Cé go leithdháiltear formhór chúnamh daonnúil an Aontais ar bhonn bliantúil, tá 'comhpháirtíochtaí cláir' ilbhliantúla agus iltíre curtha ar bun ar bhonn píolótach ag an gCoimisiún Eorpach, mar shampla le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge[27]. Féachann na comhpháirtíochtaí sin le níos mó solúbthachta a chur ar fáil do chomhpháirtithe daonnúla agus leis an ualach riaracháin ar chomhpháirtithe daonnúla agus ar an gCoimisiún araon a laghdú, agus tionchar mhaoiniú an Aontais a uasmhéadú agus infheictheacht an Aontais a fheabhsú an tráth céanna. Leathnófar an cur chuige píolótach sin chun eintitis, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile de chuid na Náisiún Aontaithe a chumhdach. |

Ar bhonn níos ginearálta, **déanfaidh an tAontas forbairt agus glacadh réiteach nuálach a chur chun cinn a thuilleadh**, réitigh lena soláthrófar cabhair atá níos éifeachtúla, níos costéifeachtaí, níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus níos díonaí ó thaobh na haeráide de[28].

Aithnítear go forleathan anois gurb é an úsáid a bhaintear as aistrithe **airgid thirim** an bealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí chun cúnamh a fháil do dhaoine atá buailte ag

[26] Féach an tuarascáil ón bPainéal Ardleibhéil maidir le Maoiniú Daonnúil dar teideal: *Too important to fail - addressing the humanitarian financing gap*, agus https://agendaforhumanity.org/initiatives/3861
[27] Baineann na cinn eile le ACTED-FR, Save The Children-DK, Concern-IRL agus an Coiste Tarrthála Idirnáisiúnta-DE.
[28] Mar shampla, trí dhuais na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí le haghaidh Cabhair Dhaonnúil Inacmhainne a thacaigh le tionscadail lena soláthraítear, i measc nithe eile, réitigh chliste do phobail agus do dhídeanaithe ar mhaithe le fuinneamh, sláinte agus cúram leighis inacmhainne. Na mionsonraí: https://ec.europa.eu/research/eic/index.cfm?pg=prizes_aid

coinbhleachtaí nó tubaistí. Tá an tAontas tiomanta le fada an lá do chúnamh airgid thirim a úsáid i suíomhanna daonnúla, nuair is féidir agus nuair is iomchuí[29]. D'oibrigh sé le príomh-chomhpháirtithe freisin chun a chinntiú go sroicheann an cion is airde is féidir den mhaoiniú a chuirtear ar fáil do chlár airgid na tairbhithe deiridh.

Tá acmhainní digiteacha ríthábhachtach chun aistrithe airgid thirim a sheachadadh go slán. Nuair atá siad ar fáil, is féidir ról tábhachtach a bheith acu freisin maidir leis an gcianfhoghlaim a chur i bhfeidhm don oideachas i gcásanna éigeandála, i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta don oideachas digiteach[30], agus maidir le córais luathrabhaidh a chumasú le haghaidh tubaistí, faireachán ar easáitiú agus measúnuithe ar chianriachtanais. Déanfaidh an tAontas **úsáid uirlisí slána digiteacha a leathnú** a thuilleadh ina ghníomhaíochtaí daonnúla, go háirithe chun **cláir um líontán sábhála sóisialta a fhreagraíonn do shuaitheadh** a chumhdach, amhail an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála[31] sa Tuirc (an clár daonnúil is mó i stair an Aontais) agus chun **nascacht na bhfaighteoirí cabhrach a chumasú**, agus lánurraim á tabhairt do cheanglais maidir le cosaint sonraí[32].

*Tacaíocht do fhreagróirí áitiúla*

Is iondúil gurb iad na pobail agus na heagraíochtaí áitiúla na chéad fhreagróirí ar ghéarchéim, agus bíonn ról lárnach acu maidir le cúnamh tapa, ardcháilíochta agus costéifeachtúil a sholáthar do dhaoine atá i ngátar. Le linn phaindéim COVID-19, ba mhinic gurb iad gníomhaithe áitiúla ba thúisce a thug aghaidh ar an ngéarchéim, agus iad ag líonadh folúis a d'fhág gníomhaithe idirnáisiúnta a bhí ag imeacht. Ina theannta sin leag an phaindéim béim ar an tábhacht a bhaineann le heolas áitiúil agus le tuiscint chomhthéacsúil chun a chinntiú go nglacfar ar bhealach níos éasca le cabhair agus chun dlús a chur leis an gcumas idirghabháil a dhéanamh.

Áiríodh sa Mhargadh Mór tiomantas láidir ó dheontóirí agus ó ghníomhaireachtaí cúnaimh idirnáisiúnta **níos mó acmhainní a dhíriú go díreach ar fhreagróirí áitiúla**. Mar sin féin, cuireadh bac ar shreabhadh an chistithe chuig gníomhaithe áitiúla agus chuig eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta mar gheall ar an ngá atá ann go ndéanfadh go leor deontóirí an gealltanas sin a réiteach le ceanglais rialála, trédhearcachta agus cuntasachta, go háirithe i gcásanna coinbhleachta ina bhféadfadh rianú airgeadais a bheith dúshlánach.

Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall dlús a chur le tacaíocht an Aontais don logánú, agus sainiúlachtaí tíre agus comhthéacs á gcur san áireamh, agus trí ionstraimí éagsúla a ghiaráil i gcomhréir leis an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin, feadh ceithre ais:

a) infheistíocht a dhéanamh chun acmhainneachtaí áitiúla a neartú, ag forbairt ar an taithí atá aige le tionscnaimh amhail Ciste an Tionscnaimh Áitiúil sa Tuirc (LIFT), a bhfuil tacaíocht theicniúil agus airgeadais á cur ar fáil aige do fhreagróirí áitiúla ionas go sroichfidh an chabhair dídeanaithe agus pobail óstacha;

b) tús áite a thabhairt do sholáthar áitiúil soláthairtí daonnúla atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

[29] Conclúidí ón gComhairle maidir le haistrithe airgid: http://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10184-2015-INIT/ga/pdf.
[30] https://ec.europa.eu/education/sites/default/files/document-library-docs/deap-communication-sept2020_en.pdf
[31] https://ec.europa.eu/echo/essn_en
[32] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32016R0679.

c) tacú le samhlacha maoinithe áitiúla, amhail sásraí maoiniúcháin comhthiomsaithe iltaobhacha agus béim láidir á leagan ar fhreagróirí áitiúla;

d) cuibhreannais a spreagadh bunaithe ar chomhpháirtíochtaí comhionanna, ar fhreagrachtaí comhroinnte agus ar mhaoiniú idir freagróirí idirnáisiúnta agus áitiúla.

I gcomhréir lena ghealltanais maidir leis an Margadh Mór, tá an tAontas ag rannchuidiú ar bhonn píolótach le cistí comhthiomsaithe tírbhunaithe[33] na Náisiún Aontaithe sa tSúdáin Theas agus san Úcráin. Cuireann na cistí sin ar chumas deontóirí idirnáisiúnta tacú go hindíreach le heagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla agus náisiúnta, cuir i gcás trína rannpháirtíocht i sásraí comhordaithe daonnúla ar leibhéal na tíre a chur chun cinn.

***Cuspóir:*** *Gníomhaíocht dhaonnúil agus sásraí maoiniúcháin atá solúbtha agus éifeachtúil a chur chun cinn.*

***Príomhghníomhaíochtaí:***

- *Socruithe maoiniúcháin ilbhliantúla agus solúbtha le comhpháirtithe daonnúla a leathnú – idirchaidreamh a dhéanamh le hionstraimí forbartha aon uair is féidir cur chuige an chumarphointe a bheith ann – agus ceanglais tuairiscithe a shimpliú/a chomhchuibhiú i gcomhréir leis an Margadh Mór, agus a chinntiú an tráth céanna go ndéanfar measúnuithe ar riachtanais a chomhordú idir gníomhaireachtaí agus go neartófar cuntasacht, éifeachtúlacht agus infheictheacht thacaíocht an Aontais.*
- *Tacaíocht an Aontais do fhreagróirí áitiúla a mhéadú, cuir i gcás trí úsáid mhéadaithe a bhaint as cistí comhthiomsaithe tírbhunaithe agus as sásraí maoiniúcháin eile lena dtugtar tús áite do ghníomhaithe áitiúla.*
- *Treoir a fhorbairt maidir le comhpháirtíochtaí comhionanna le freagróirí áitiúla a chur chun cinn.*
- *Spreagadh a thabhairt do chomhpháirtithe daonnúla úsáid bhreise a bhaint as uirlisí digiteacha, mar shampla trí obair chomhpháirteach chun timpeallacht chumasúcháin a thógáil.*
- *Treoraíocht shonrach a fhorbairt maidir le húsáid airgid thirim dhigitigh a leathnú agus a chinntiú go mbíonn rochtain ag faighteoirí cabhrach ar réitigh dhigiteacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar bheartas téamach an Aontais maidir le haistrithe airgid thirim.*
- *Tacú le hinfheistíochtaí i réitigh chruthaithe, chostéifeachtacha, theicneolaíocht-bhunaithe don chabhair dhaonnúil, iad a mhéadú agus iad a chur chun cinn, ag tógáil freisin ar shamhail ghradaim na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí 2020[34].*

## 3.2 Na bearnaí a líonadh: Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil

Cé go leanfaidh comhpháirtithe daonnúla an Aontais de chabhair dhaonnúil an Aontais a sholáthar, **d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina mbeadh breisluach soiléir ann don**

[33] https://www.unocha.org/our-work/humanitarian-financing/country-based-pooled-funds-cbpf
[34] https://ec.europa.eu/research/eic/index.cfm?pg=prizes_aid

**Aontas idirghabháil dhíreach a dhéanamh**, mar shampla chun bearna shealadach a líonadh nuair a d'fhéadfadh na sásraí seachadta rialta nó na hacmhainneachtaí atá ar fáil ó eagraíochtaí daonnúla nó ó údaráis náisiúnta a bheith neamhéifeachtach nó in easnamh[35]. Sna cásanna sin, chuirfeadh **Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil**, i gcomhréir le Rialachán an Aontais maidir le Cabhair Dhaonnúil agus í maoinithe ó bhuiséad daonnúil an Aontais, ar chumas an Aontais tacú leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe daonnúla an Aontais cúnamh a sheachadadh go tapa.

Bhainfeadh an acmhainneacht sin leas as an taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19, mar shampla úsáid eitiltí aisdúichithe chun lasta daonnúil a iompar agus Aerdhroichead Daonnúil an Aontais[36] a bhunú, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, chun tacú le cabhair dhaonnúil riachtanach a sheachadadh.

| |
|---|
| Idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair 2020, d'éirigh leis an Aontas 67 n-oibríocht **Aerdhroichid Dhaonnúil an Aontais** a chur i gcrích go 20 tír i gceithre ilchríoch. Leis an tionscnamh sin, a maoiníodh ó bhuiséad an Aontais um chabhair dhaonnúil, imlonnaíodh 1 150 tona de lastas riachtanach leighis agus daonnúil agus 1 700 ball foirne leighis agus daonnúil, chomh maith le paisinéirí eile. |

Feidhmeoidh an acmhainneacht sin i gcomhlántacht le **Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta** agus beidh sí ag brath ar ullmhacht oibríochtúil **Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha**[37] an Aontais. Féachfaidh sé le gníomhaíocht dhaonnúil ó chomhpháirtithe an Aontais agus ó na Ballstáit a chumasú a thuilleadh agus cuirfear chun feidhme é i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. I gcás inar gá, beidh sé d'aidhm ag an acmhainneacht sin lóistíocht a éascú, cuir i gcás iompar, rud a chumasóidh comhthiomsú acmhainní agus a éascóidh a n-imscaradh agus a n-oibríochtaí tosaigh ar an láthair. Mar shampla, d'fhéadfadh sé measúnuithe lóistíochta a chur ar fáil, tacaíocht d'imscaradh tosaigh, tacaíocht do sholáthar, stoc-charnadh, iompar agus/nó dáileadh earraí faoisimh, cuir i gcás vacsaíní COVID-19 agus a seachadadh i dtíortha leochaileacha[38]. Ina theannta sin d'fhéadfadh sé feabhas breise a chur ar acmhainneacht freagartha leighis an Aontais le haghaidh éigeandálaí sláinte amach anseo, ag tógáil ar an gCór Liachta Eorpach atá ann cheana, i gcomhar, i gcás inarb ábhartha, le Tascfhórsa Sláinte an Aontais[39] a bheidh ann amach anseo a bhunófar faoi chomhordú an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) chun cabhrú leis an bhfreagairt áitiúil ar ráigeanna galar teagmhálach i sineirge le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, agus chun ullmhacht sna Ballstáit agus i dtríú tíortha a neartú. Ina theannta sin, beidh na hiarrachtaí sin comhlántach freisin le tionscnaimh eile de chuid an Aontais ar féidir leo rannchuidiú le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht dhaonnúil an Aontais, amhail rannchuidiú na saorálaithe tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, a sholáthraíonn pointe iontrála aonair do ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin[40].

[35] Chuir suaitheadh sa slabhra iompair agus soláthair isteach go mór ar an bhfreagairt dhaonnúil, faoi mar a chuir srianta taistil agus dianghlasálacha a forchuireadh ar fud an domhain sna céimeanna luatha de phaindéim COVID-19.
[36] https://ec.europa.eu/echo/what/humanitarian-aid/humanitarian-air-bridge_en
[37] https://ec.europa.eu/echo/what/civil-protection/emergency-response-coordination-centre-ercc_en
[38] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/communication-united-front-beat-covid-19_en.pdf
[39] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/proposal-mandate-european-centre-disease-prevention-control_en.pdf
[40] https://europa.eu/youth/solidarity_ga

Graph


EU Humanitarian Air Bridge operations (May-October 2020) – Oibríochtaí Aerdhroichead Daonnúil an Aontais (Bealtaine-Deireadh Fómhair 2020)
Countries assisted – Tíortha a fuair cúnamh
Tonnes of humanitarian and medical aid transported – An méid tonaí cabhrach daonnúla agus cabhrach míochaine a iompraíodh
Number of flights – An líon eitiltí
Passengers transported – An líon paisinéirí a iompraíodh

*This designation is without prejudice to positions on status, and is in line with UNSCR 1244/1999 and the IC] Opinion on the Kosovo Declaration of Independence. – *Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim IC] maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

© European Union, 2021. Map produced by the JRC. The boundarles and the names shown on this map do not imply official endorsement or acceptance by the European Union. – © An tAontas Eorpach, 2021. Léarscáil arna táirgeadh ag JRC. Ní hionann na teorainneacha agus na hainmneacha a thaispeántar ar an léarscáil seo agus formhuiniú ná glacadh oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beneficary country of EU Humanitarian Air Bridge operations State border – Teorainn Stáit na tíre is tairbhí d'oibríochtaí Aerdhroichead Daonnúil an Aontais

| | |
|---|---|
| Lebanon (Beirut) | An Liobáin (Béiriút) |
| Iran | an Iaráin |
| Iraq | An Iaráic |
| Afghanistan | an Afganastáin |
| Haiti | Háítí |
| Guinea Bissau | Guine Bissau |
| Venezuela | Veiniséala |
| Burkina Faso | Buircíne Fasó |
| Ivory coast | an Cósta Eabhair |
| Nigeria | An Nigéir |
| São Tome e Principe | São Tomé agus Principe |
| Chad | Sead |
| Sudan | an tSúdáin |
| Central African Republic | Poblacht na hAfraice Láir |
| South Sudan | an tSúdáin Theas |
| Democratic Republic of Congo | Poblacht Dhaonlathach an Chongó |
| Ethiopia | an Aetóip |
| Yemen | Éimin |
| Somalia | an tSomáil |
| Peru | Peiriú |




***Cuspóir:** A chinntiú gur féidir cabhair dhaonnúil an Aontais a chur ar fáil go tapa agus go héifeachtúil dóibh siúd atá i ngátar.*

***Príomhghníomhaíocht:***

- *Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil a fhorbairt chun bearnaí a líonadh, de réir mar is gá, rud a chuirfidh ar chumas Bhallstáit an Aontais agus na gcomhpháirtithe daonnúla cúnamh daonnúil a sholáthar go tapa, i gcomhordú agus i gcomhlántacht le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.*

### 3.3. Béim níos láidre ar thionchair aeráide agus ar thosca comhshaoil: abhcóideacht, ullmhacht agus réamhghníomhaíocht

Tá ullmhacht i gcomhair tubaistí ina dlúthchuid de fhreagairt dhaonnúil an Aontais cheana féin, agus tá buiséad tiomnaithe ann chuige sin agus tá sí ina príomhghné de chlár oibre fadtéarmach an Aontais maidir le rioscaí tubaistí a laghdú. Mar sin féin, tá rath na gníomhaíochta daonnúla féin á chur i mbaol ag tionchair mhéadaitheacha an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil[41]. Ní hamháin go méadaíonn an t-athrú aeráide tubaistí

[41] Sa chéad leath de 2020, easáitíodh thart ar 10 milliún duine mar gheall ar ghuaiseacha agus tubaistí a bhaineann leis an aimsir den chuid is mó, go príomha san Áise Theas agus Thoir Theas agus i gCorn na hAfraice - an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta, 2020.

nádúrtha, ach is iolraitheoir bagairtí[42] é freisin a dhéanann cásanna coinbhleachta níos casta agus níos faide, rud a mhéadaíonn riachtanais dhaonnúla. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirfear breithnithe aeráide agus comhshaoil (mar shampla feasacht ar rioscaí) san áireamh i ngníomhaíocht dhaonnúil aon áit agus aon uair a chuirtear ar fáil í, agus béim ar leith á leagan ar thacú le hoiriúnú don athrú aeráide agus le hathléimneacht an chomhshaoil mar chuid den chlársceidealú daonnúil sna tíortha agus sna réigiúin is mó atá i mbaol tubaistí.

Go háirithe, **is féidir le cineálacha cur chuige oirchilleacha**[43] **maidir le gníomhaíocht dhaonnúil cuidiú le hathléimneacht pobal a neartú, cuir i gcás grúpaí atá easáitithe go héigeantach, i réigiúin atá leochaileach i leith guaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus i leith guaiseacha eile.** Braitheann éifeachtacht na gcineálacha cur chuige sin ar eolas atá iontaofa go leor a bheith i bhfeidhm trí chórais luathrabhaidh[44], mar shampla táscairí nó critéir eile chun gníomhaíocht a spreagadh. Agus é ag tógáil ar níos mó comhpháirtíochtaí le pobail aeráide agus eolaíochta, **méadóidh an tAontas úsáid na gcineálacha cur chuige sin**. Bainfidh an tAontas úsáid as a chathaoirleacht ar an Ardán um Easáitiú de dheasca Tubaistí in 2022 freisin chun iarrachtaí domhanda a chur chun cinn chun daoine a easáitíodh de dheasca tubaistí agus an athraithe aeráide a chosaint.

| |
|---|
| I mí Iúil 2020, leis an réamhaisnéis a cuireadh ar fáil leis an gCóras Domhanda Feasachta Tuile faoi Sheirbhís Bainistithe Éigeandála Copernicus an Aontais (uirlis atá ar fáil le haghaidh Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta), cuireadh ar chumas comhpháirtithe daonnúla sa Bhanglaidéis[45] gníomhú go tapa mar fhreagairt ar thuilte troma, agus cúnamh airgid á chur ar fáil do 3 300 teaghlach sna limistéir is mó a buaileadh. |

[42] Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh - https://www.consilium.europa.eu/media/48057/st05263-en21.pdf, Treochlár um Athrú Aeráide agus Cosaint - https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12741-2020-INIT/en/pdf

[43] Is éard atá i gceist le réamhghníomhaíocht luathghníomhaíochtaí a réamhphleanáil ar féidir maoiniú a eisíoc ar a mbonn go tapa sula dtarlaíonn tubaiste nádúrtha nó tubaiste arb é an duine is cúis léi nó sula dtagann ann d’aon truicear eile le haghaidh gníomhaíochta. Tá sé ábhartha freisin do chineálacha eile éigeandálaí a mbíonn coinne leo, ní hamháin iad siúd a bhaineann leis an athrú aeráide.


[44] https://www.undrr.org/terminology/early-warning-system

[45] Gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, Corrán Dearg na Banglaidéise, an Clár Domhanda Bia.

Graph:

Disaster events by type – Imeachtaí tubaiste de réir cineáil
Floods – Tuilte
Storms – Stoirmeacha
Earthquakes – Creathanna talún
Extreme temperatures – Teochtaí foircneacha
Landslides – Sciorrthaí talún
Droughts –Triomaigh
Wildfires – Falscaithe
Volcanic activity – Gníomhaíocht bholcánach
Chart: UN Global Humanitarian Overview 2021 – Cairt: Forbhreathnú Daonnúil Domhanda na Náisiún Aontaithe 2021

Source: CRED / UNDRR – Foinse: CRED / UNDRR




In ainneoin an mhéadaithe atá ag teacht ar thionchar daonnúil an athraithe aeráide, níl a dhóthain den mhaoiniú domhanda don troid i gcoinne an athraithe aeráide ag dul chuig na tíortha is leochailí[46]. Tá géarghá le maoiniú idirnáisiúnta breise le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide, ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha araon. Chun níos mó brú ar an gcóras daonnúil a sheachaint, leanfaidh an tAontas de bheith **ag tacú le i bhfad níos mó cistí aeráide a dhíriú ar athléimneacht agus oiriúnú a fheabhsú san áit is mó a bhfuil gá leo**. Ní féidir leis sin a bheith éifeachtach ach amháin trí chineálacha cur chuige comhtháite maidir le hathléimneacht aeráide agus comhshaoil lena dtugtar le chéile gníomhaithe daonnúla, forbartha agus cothaithe síochána agus béim á leagan ar chosc agus ar ullmhacht, agus leas á

[46] Ní raibh aon cheann den 20 tír is leochailí i leith an athraithe aeráide agus i leith tubaistí a bhaineann leis an aeráid i measc an 20 faighteoir *per capita* is mó de mhaoiniú oiriúnaithe don athrú aeráide, de réir Thuarascáil Tubaistí Domhanda IFRC 2020.

bhaint as saineolas an bheartais aeráide agus comhshaoil agus as saineolas na bpobal eolaíochta[47].

Cé nach bhfuil an chabhair dhaonnúil faoi réir na sprice 30 % maidir leis an aeráid a phríomhshruthú faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 an Aontais, rannchuidíonn sí mar sin féin leis an ngníomhú ar son na haeráide. Mar rannchuidiú leis na hiarrachtaí foriomlána chun caiteachas an Aontais a bhaineann leis an aeráid a rianú, cuirfidh an Coimisiún **rianú den sórt sin i bhfeidhm maidir le cabhair dhaonnúil an Aontais** go deonach.

Ba cheart do dheontóirí agus gníomhaithe daonnúla dea-shampla a thabhairt. Dá bhrí sin, **tacóidh an tAontas freisin le hiarrachtaí na gcomhpháirtithe daonnúla a lorg ar an gcomhshaol a laghdú.** An tráth céanna, **leanfaidh an Coimisiún den phróiseas chun a líonra um pháirceanna daonnúla (ECHOField) agus a cheanncheathrú a 'ghlasú'**[48] chun tacú leis an g**Comhaontú Glas don Eoraip**[49].

| |
|---|
| ***Cuspóir:*** *Tionchair agus tosca comhshaoil an athraithe aeráide a phríomhshruthú a thuilleadh i mbeartas agus i gcleachtas na cabhrach daonnúla agus comhordú le gníomhaithe forbartha, slándála agus aeráide/comhshaoil a neartú chun athléimneacht pobal leochaileach a chothú.*<br><br>***Príomhghníomhaíochtaí:***<br>• *Méadú mór a dhéanamh ar sciar na gcistí aeráide atá tiomnaithe d'athléimneacht agus oiriúnú a fheabhsú sna tíortha agus sna réigiúin is mó atá i mbaol tubaistí, i gcomhréir le straitéis nua an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, agus mar chuid de chur chuige an chumarphointe idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin.*<br>• *Athléimneacht daonraí leochaileacha ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de a threisiú, trí chur chuige an chumarphointe idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin agus a chinntiú go scaipfear agus go gcuirfear chun feidhme treoir nua maidir le hullmhacht i gcomhair tubaistí i measc chomhpháirtithe daonnúla an Aontais, i ndlúthchomhar le gníomhaithe forbartha agus aeráide.*<br>• *Cineálacha cur chuige rioscabhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thuilleadh, cuir i gcás maoiniú riosca agus réamhghníomhaíocht a mhéadú i gcomhthéacsanna agus i réigiúin dhaonnúla éagsúla.*<br>• *Treoirlínte agus oiliúint a ullmhú do chomhpháirtithe daonnúla an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil a ghlasú, d'fhonn lorg na cabhrach daonnúla ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú.*<br>• *Caiteachas a bhaineann leis an aeráid a rianú faoi Rialachán an Aontais maidir le Cabhair Dhaonnúil.* |

### 3.4 Beart a dhéanamh i dteannta a chéile: an bonn acmhainní a leathnú, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna géarchéimeanna agus, ar deireadh, riachtanais a laghdú

[47] Mar shampla, i gcomhthéacs a chomhair leis an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta.
[48] Cuid de ghealltanais an Choimisiúin maidir le haeráidneodracht.
[49] https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga

*Aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus an nasc idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin a chur chun cinn*

Is é is aidhm don chabhair dhaonnúil **fóirithint éigeandála a chur ar fáil do dhaoine atá buailte ag géarchéimeanna**. Ní féidir brath ar an gcabhair dhaonnúil amháin chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna casta atá le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna eile, bíodh siad socheacnamaíoch nó bíodh siad ag baint le saincheisteanna rialachais nó comhshaoil. Ba cheart leanúint de dhul i ngleic leis na tosca sin go léir ar bhealach iomlánaíoch - trí **aghaidh a thabhairt ar dhúshláin rialachais, trí chearta bunúsacha na bpobal a urramú, trí neamhionannais a chur san áireamh, trí rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, ar cheartas, ar dheiseanna eacnamaíocha agus ar shlándáil a sholáthar agus trí dhul i ngleic le dúshláin aeráide agus chomhshaoil.** Ní bheidh tionchar buan ag tacaíocht idirnáisiúnta in aon ghéarchéim ach amháin má tá sí fite fuaite le tiomantas láidir ó na húdaráis náisiúnta agus áitiúla daoine a chur i gcroílár na hiarrachta sin, trí dhul i ngleic leis an eisiamh, trí chearta a chosaint agus trí chuntasacht a chinntiú. Ní mór é sin a bheith i gcroílár chur chuige an Aontais maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna.

Mar chuid den iarracht sin, cuirfidh an tAontas **dlús lena chuid oibre chun fóirithint dhaonnúil a nascadh leis an bhforbairt agus le cothú na síochána**. Níl cabhair dhaonnúil ceaptha mar réiteach fadtéarmach ar riachtanais na ndaoine a bhfuil tionchar ag géarchéimeanna orthu. Tríd an nasc idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin, bainfidh an tAontas leas as na hionstraimí uile is gá ní hamháin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghearrthéarmacha ach chun réitigh fhadtéarmacha a chur ar fáil freisin agus, i gcoinbhleachtaí, chun rannchuidiú le síocháin bhuan a chothú. Is éard atá i gceist leis sin **anailís chomhpháirteach agus creataí freagartha oibríochtúla** chomh maith le **cur chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta de** ionas nach dtreiseoidh cúnamh seachtrach coinbhleacht de thaisme.

Tá cur chuige an chumarphointe le feiceáil anois i gcúnamh seachtrach an Aontais in go leor tíortha leochaileacha agus tíortha atá i mbaol coinbhleachta. Áirítear leis sin na sé thír phíolótacha de chuid an Aontais a ainmníodh in 2017 (Sead, an Iaráic, Maenmar, an Nigéir, an tSúdáin, agus Uganda) agus comhthéacsanna eile (e.g. creataí comhpháirteacha daonnúla-forbartha-síochána mar fhreagairt ar ghéarchéim na Siria sa Liobáin agus san Iordáin). Ar na samplaí tá:

- tacú le líontáin sábhála shóisialta arna ndearadh i ndlúthchomhordú idir gníomhaithe daonnúla agus gníomhaithe forbartha;
- tacaíocht chomhordaithe don ullmhacht i gcomhair tubaistí agus don athléimneacht ar fud an chistithe forbartha agus dhaonnúil (go háirithe i réigiúin atá buailte go dona ag díghrádú talún, ganntanas uisce agus ag an athrú aeráide, amhail an tSaiheil);
- aird níos mó a thabhairt ar chosaint na sibhialtach;
- athchóirithe struchtúracha a éileamh chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an fhoréigin;

- réitigh fhadtéarmacha a chur chun cinn i gcomhthéacs an easáitithe éigeantaigh, i gcomhréir le Teachtaireacht 2016 ón Aontas dar teideal 'Saol le Dínit'[50] agus leis an gComhshocrú Domhanda maidir le dídeanaithe[51].

I bhfianaise gurb ann do choinbhleachtaí agus tionchar socheacnamaíoch COVID-19 i gcónaí, tá méadú ag teacht ar an ngá atá leis na hiarrachtaí sin a leathnú – go príomha trí chomhar níos láidre fós idir an tAontas, a Bhallstáit, a líonra taidhleoireachta agus a institiúidí airgeadais (mar shampla bainc forbartha náisiúnta agus gníomhaireachtaí cur chun feidhme, chomh maith leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha) **ag tógáil ar chur chuige Fhoireann na hEorpa**[52]. Déanfar iarracht ar leith maidir leis an tslándáil bia, an tsláinte agus leis an oideachas, i bhfianaise thionchar suntasach na paindéime sna réimsí sin. Agus leas á bhaint as na ceachtanna dearfacha a foghlaimíodh ó chlárthréimhse 2014-2020, **leanfaidh an tAontas de shineirgí agus comhlántachtaí a neartú i measc na ngníomhaithe éagsúla agus na seirbhísí éagsúla de chuid an Aontais** agus prionsabail dhaonnúla á n-urramú an tráth céanna.

***Cuspóir:*** *A chinntiú go n-oibreoidh beartais dhaonnúla, forbartha, cothaithe síochána agus beartais eile le chéile chun fóirithint phráinneach agus réitigh níos fadtéarmaí a nascadh ar bhealach níos fearr, lena ndírítear ar riachtanais a laghdú agus ar dhul i ngleic le bunchúiseanna coinbhleachtaí agus géarchéimeanna.*

***Príomhghníomhaíochtaí****:*

- *Anailísí comhpháirteacha córasacha an Aontais a dhéanamh ar rioscaí, riachtanais, leochaileachtaí agus cúiseanna struchtúracha géarchéime chomh maith le, clársceidealú comhleanúnach agus pleanáil bheartais an Aontais nuair is iomchuí, i gcomhréir leis an nasc idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin.*
- *Sásraí comhordúcháin a neartú ar an leibhéal allamuigh ar fud ghníomhaíochtaí daonnúla, forbartha agus cothaithe síochána an Aontais chun torthaí comhleanúnacha a chinntiú, le tacaíocht ó Thoscaireachtaí an Aontais agus ó oifigí allamuigh ECHO. Oibriú go dlúth le Ballstáit an Aontais sa chreat sin i gcur chuige Fhoireann na hEorpa.*
- *Naisc éifeachtacha a chur chun feidhme idir na gníomhaíochtaí éagsúla daonnúla, forbartha agus síochána agus úsáid a bhaint as na huirlisí atá ann cheana, amhail idirphlé beartais, chun acmhainneachtaí náisiúnta agus áitiúla a neartú – acmhainneacht na n-údarás neamhstáit san áireamh – chun seirbhísí bunúsacha a sholáthar agus chun tacú le hathléimneacht a fhorbairt.*
- *Tacaíocht a leathnú le haghaidh líontáin sábhála shóisialta atá bunaithe ar airgead tirim agus a fhreagraíonn do shuaitheadh.*
- *Leas a bhaint as rannpháirtíocht pholaitiúil agus taidhleoireachta an Aontais agus as na hionstraimí uile atá ar fáil chun géarchéimeanna a chosc, coinbhleachtaí a réiteach agus an tsíocháin a chothú, agus an tráth céanna dlús a chur leis an abhcóideacht chun tacú le hoibríochtaí daonnúla chun rochtain agus urraim do*

[50] 'Saol le Dínit' https://ec.europa.eu/echo/files/policies/refugees-idp/Communication_Forced_Displacement_Development_2016.pdf
[51] https://www.unhcr.org/the-global-compact-on-refugees.html
[52] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/joint_communication_global_eu_covid-19_response_en.pdf

*phrionsabail dhaonnúla, do chosaint sibhialtach agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta a éascú.*

- *Comhordú daonnúil sibhialta-míleata éifeachtach a chur chun cinn i ngach comhthéacs ábhartha, mar chreat chun an spás daonnúil a chosaint, dúbláil a sheachaint, neamhréireachtaí a íoslaghdú agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le gníomhaithe slándála agus cosanta a uasmhéadú.*
- *Sineirgí a fhorbairt le hidirghabháil síochána an Aontais agus le hiarrachtaí chun coinbhleachtaí a chosc, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail dhaonnúla, d'fhonn iarrachtaí a mhéadú chun fulaingt a mhaolú.*
- *An t-oideachas a chomhtháthú sna réimsí tosaíochta le haghaidh an naisc idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin chun cuidiú leis an mbearna dhomhanda san oideachas a dhúnadh, in éineacht le hearnálacha, mar shampla an tsláinte, an tslándáil bia, an ullmhacht do thubaistí agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.*

*An bonn acmhainní a leathnú – laistigh den Eoraip agus lasmuigh di*

Is dúshlán don chine daonna ina iomláine é an méadú suntasach atá tagtha le blianta beaga anuas ar raon feidhme agus ar dhéine na ngéarchéimeanna daonnúla. Le COVID-19, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé gach duine a thabhairt linn. Is ábhartha fós in 2021 na príomh-mholtaí a rinne an Painéal Ardleibhéil maidir le Maoiniú Daonnúil a thionóil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe in 2015[53]: tá **géarghá le tuilleadh acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla atá leathnaithe go mór.**

Ina ainneoin sin, **tá an bonn acmhainní don chabhair dhaonnúil fós an-chúng**. In 2020, sholáthair na trí dheontóir is mó (na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin agus an Coimisiún Eorpach) 62 % den mhaoiniú daonnúil a tuairiscíodh ar fud an domhain. Laistigh den Aontas, is ceithre Bhallstát agus an Coimisiún Eorpach atá freagrach as thart ar 90 % dá mhaoiniú daonnúil[54]. Cé gur chuir roinnt tíortha dlús lena maoiniú daonnúil le blianta beaga anuas, mar shampla Ballstáit áirithe de chuid an Aontais, tá deis shuntasach ann liosta na ndeontóirí a leathnú agus feabhas a chur ar ranníocaíochtaí na ndeontóirí atá ann cheana chun freagairt don iarracht chomhpháirteach dhomhanda a bhfuil géarghá léi.

I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart don Aontas **a abhcóideacht le haghaidh iarracht mhaoiniúcháin dhaonnúil a bheidh feabhsaithe go substaintiúil a mhéadú** agus comhroinnt freagrachta níos fearr a bhaint amach i measc deontóirí, na Ballstáit san áireamh. Trína bheith ag obair lena Bhallstáit, chomh maith le deontóirí daonnúla tiomanta eile amhail na Stáit Aontaithe, ba cheart don Aontas a rannpháirtíocht dhéthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach a ghiaráil le deontóirí traidisiúnta agus le deontóirí atá ag teacht chun cinn araon (go háirithe iad siúd a bhfuil méadú suntasach tagtha ar a seasamh sa gheilleagar domhanda le blianta beaga anuas, amhail an tSín agus stáit na Murascaille) chun leibhéil níos airde maoinithe agus tacaíocht níos córasaí don chóras daonnúil domhanda a spreagadh. Ba cheart an rannpháirtíocht sin a bheith bunaithe ar an sprioc 0.7 % den ollioncam náisiúnta[55] atá ann cheana maidir le cúnamh oifigiúil forbartha, agus ba cheart í a mheabhrú, agus ba cheart go

[53] https://reliefweb.int/report/world/high-level-panel-humanitarian-financing-report-secretary-general-too-important-fail
[54] https://fts.unocha.org/global-funding/overview/2020
[55] https://ec.europa.eu/international-partnerships/system/files/european-consensus-on-development-final-20170626_en.pdf

spreagfadh sí gealltanais mhéadaithe maidir le maoiniú daonnúil atá i gcomhréir leis an méadú géar le blianta beaga anuas ar riachtanais agus ceanglais dhaonnúla. Ba cheart na hiarrachtaí sin a bheith fite fuaite le tacaíocht a ghríosú d'urraim do phrionsabail dhaonnúla, do dhea-dheontóireacht dhaonnúil agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Tá comhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le cabhair dhaonnúil, bunaithe ar idirphlé agus ar chomhar maidir le géarchéimeanna sonracha agus saincheisteanna téamacha. Agus iad ag cur leis an gcaidreamh láidir sin, is féidir leis an Aontas agus leis na Stáit Aontaithe oibriú i gcomhar le chéile chun an fhreagracht a chomhroinnt ar bhealach níos fearr i measc deontóirí chun tacú leis an gcóras daonnúil domhanda, i gcomhréir leis an gclár oibre nua trasatlantach don athrú domhanda[56].

Ba cheart don Aontas féachaint freisin ar bhealaí chun an **earnáil phríobháideach** a chur chun cinn ar bhealach níos fearr agus ról níos fearr a thabhairt di maidir le seirbhísí a sholáthar do dhaoine atá buailte ag géarchéimeanna daonnúla, nuair is iomchuí. Tá roinnt tionscnaimh nuálacha ann le blianta beaga anuas ó ghníomhaithe daonnúla chun uirlisí ceannródaíocha a dhéanamh amhail bannaí tionchair dhaonnúil. Tá dul chun cinn mór déanta maidir le hárachas agus atharachas a úsáid le haghaidh rioscaí tubaiste. Mar sin féin, tá deis ann don Aontas níos mó a dhéanamh chun maoiniú breise a ghiaráil trí rannpháirtíocht níos mó leis an earnáil phríobháideach chun tacú leis an bhfreagairt dhaonnúil.

Agus é ag tógáil ar an obair fhairsing scóipe a chuir sé leis sa chomhthéacs iltaobhach[57], oibreoidh an Coimisiún chun modhanna nuálacha maoinithe a thabhairt isteach ina bhosca uirlisí daonnúil agus cuirfidh sé rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i maoiniú daonnúil chun cinn go gníomhach.

***Cuspóir**: Méadú mór a dhéanamh ar an mbonn acmhainní le haghaidh gníomhaíocht dhaonnúil.*

***Príomhghníomhaíochtaí**:*

- *A mheabhrú go ndearna an tAontas gealltanas 0.7 % den ollioncam náisiúnta a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil forbartha, oibriú leis na Ballstáit chun dlús a chur le gealltanais maidir le maoiniú daonnúil atá i gcomhréir leis an méadú géar atá tagtha le blianta beaga anuas ar riachtanais agus ceanglais dhaonnúla.*
- *Dlús a chur le rannpháirtíocht an Aontais le tíortha bronntacha traidisiúnta agus le tíortha bronntacha atá ag teacht chun cinn chun an fhreagracht chomhroinnte chun tacú leis an bhfreagairt dhaonnúil a mheabhrú agus í a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí in idirphlé polaitiúil an Aontais le tíortha ábhartha nach bhfuil san Aontas. Comhghuaillíochtaí a neartú nó a chruthú ar an leibhéal domhanda le tíortha atá ar aon intinn leo chun an clár oibre daonnúil domhanda a chur chun cinn.*
- *Tionscnamh píolótach measctha a sheoladh ó bhuiséad daonnúil an Aontais chun maoiniú breise a ghiaráil ón earnáil phríobháideach i gcomhthéacs daonnúil in 2021.*

## 4. Tacú le timpeallacht chumasúcháin níos fearr don chabhair dhaonnúil

[56] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/joint-communication-eu-us-agenda_en.pdf
[57] Mar shampla, i gcomhthéacs a chomhchathaoirleachta ar thionscnamh na Dea-Dheontóireachta Daonnúla (2018-2021) nó mar chomhalta den Tionscnamh Infheistíochta Daonnúil agus Athléimneachta https://www.weforum.org/projects/humanitarian-investing-initiative?emailType=Newsletter)

## 4.1 Urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn

Is éard atá sa **Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI)** sraith rialacha atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta agus a aithnítear go huilíoch chun éifeachtaí coinbhleachta armtha a theorannú agus chun sibhialtaigh agus daoine eile nach bhfuil páirteach i gcogaíocht a chosaint. Is cuspóir tábhachtach ann féin í **urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI)**; is réamhchoinníoll í freisin le haghaidh cabhair dhaonnúil éifeachtach agus má urramaítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta is féidir an gá atá le cabhair den sórt sin a sheachaint ar an gcéad dul síos. Sa lá atá inniu ann, is minic a sháraítear na rialacha sin. Is rómhinic a dhíríonn cogaí ar shibhialtaigh, cuir i gcás oibrithe daonnúla nó oibrithe cúraim sláinte, d'aon ghnó.

Tá treoirlínte bunaithe ag an Aontas maidir le comhlíonadh DDI[58] a chur chun cinn agus tacaíonn sé le hoiliúint a chur ar an arm, ar fhórsaí slándála agus ar phearsanra taidhleoireachta. Leanfar den mhéid sin faoi ionstraimí seachtracha nua an Aontais (do 2021-2027). **Ba cheart don Aontas leanúint de DDI a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcroílár a ghníomhaíochta seachtraí**. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas de thacaíocht láidir a thabhairt do ról Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge ina shainordú maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach DDI.

Ba cheart sáruithe tromchúiseacha DDI a cháineadh go comhsheasmhach mar chuid de chur chuige comhordaithe AE. Ba cheart a chinntiú go n-urramófar DDI mar chuid d'ionstraimí seachtracha an Aontais a neartú, cuir i gcás trí dhícheall cuí. Ba cheart don Aontas a thionchar polaitiúil agus eacnamaíoch a ghiaráil freisin chun comhlíonadh DDI ag tíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn, mar shampla trína idirphlé polaitiúil agus trína idirphlé maidir le cearta an duine, agus sa chaidreamh trádála agus cúnaimh le tíortha comhpháirtíochta, i gcás inarb ábhartha.

Mar gheall ar an **méadú atá ag teacht ar úsáid smachtbhannaí** – go háirithe smachtbhannaí aontaobhacha tíortha nach bhfuil san Aontas, a bhfuil cuid acu seach-chríochach ó thaobh raon feidhme de – tá soláthar na cabhrach daonnúla ag éirí níos casta agus tá bac á chur ar ghníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal. De réir mar a fhéachann bainc agus institiúidí airgeadais eile lena neamhchosaint a laghdú trína ngníomhaíochtaí i ndlínsí atá faoi smachtbhannaí a laghdú nó a fhoirceannadh, bíonn sé níos deacra – nó dodhéanta fiú – idirbhearta daonnúla a dhéanamh. Cé go bhfuil bearta sriantacha an Aontais spriocdhírithe agus nach bhfuil siad ceaptha bac a chur ar sholáthar na cabhrach daonnúla, tá roinnt **oibleagáidí** i gceist leo, a bhféadfadh caingean dlí a bheith mar thoradh ar a sárú, mar shampla pionóis choiriúla ar an leibhéal náisiúnta.

Tá gníomhaíochtaí for-rochtana déanta ag an Aontas chun soláthar cúnaimh dhaonnúil a éascú i dtimpeallachtaí atá faoi smachtbhannaí, mar shampla treoir an Choimisiúin i gcomhthéacs phaindéim COVID-19[59]. **Ba cheart don Aontas leanúint den tacaíocht a thugann sé dá chomhpháirtithe daonnúla maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí i**

[58] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=LEGISSUM:ah0004

[59] Nóta Treorach ón gCoimisiún maidir le cabhair dhaonnúil a sholáthar chun paindéim COVID-19 a chomhrac i dtimpeallachtaí áirithe atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais: https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/business_economy_euro/banking_and_finance/documents/201116-humanitarian-aid-guidance-note_en.pdf

**gcórais éagsúla smachtbhannaí an Aontais[60] agus dlús breise a chur leis an tacaíocht sin.** An tráth céanna, ba cheart don Aontas tabhairt faoi **eisceachtaí daonnúla** a áireamh go comhsheasmhach i gcórais smachtbhannaí an Aontais[61]. De réir 'Glao ar Ghníomhaíocht chun urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus don ghníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal a neartú', ar tháinig an tAontas isteach ann le déanaí[62], níor cheart oibrithe daonnúla agus oibrithe cúraim sláinte atá i mbun gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le DDI agus leis na prionsabail dhaonnúla a bheith mar sprioc d'ionchúiseamh coiriúil. Ina theannta sin ba cheart don Aontas smaoineamh ar **sháruithe DDI a áireamh mar chritéar chun daoine aonair nó eintitis a liostú i gcórais smachtbhannaí ábhartha an Aontais.**

***Cuspóir:*** *Comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta (DDI) a chur i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais chun pobail shibhialta a chosaint, chun tacú le gníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal agus chun oibrithe daonnúla agus oibrithe cúraim sláinte a chosaint.*

***Príomhghníomhaíochtaí:***

- *Sásra comhordúcháin ar leibhéal an Aontais maidir le DDI a bhunú chun a chinntiú go ndéanfar faireachán níos fearr ar sháruithe DDI ar fud an domhain, chun comhordú ghníomhaithe ábhartha an Aontais a éascú agus chun tacú le taidhleoireacht dhaonnúil níos láidre san Aontas.*
- *Creat comhlíontachta DDI a neartú a thuilleadh mar chuid d'ionstraimí seachtracha an Aontais, trí dhícheall cuí agus trína idirphlé polaitiúil, slándála agus chearta an duine agus trína chomhaontuithe trádála le tíortha comhpháirtíochta, inter alia i gcás inarb ábhartha.*
- *Smaoineamh ar sháruithe tromchúiseacha DDI a áireamh mar fhorais lena liostú i gcórais smachtbhannaí an Aontais nuair is iomchuí agus a chinntiú an tráth céanna go seachnófar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar ghníomhaíochtaí daonnúla.*
- *Leanúint dá chinntiú go léireofar DDI go hiomlán i mbeartas smachtbhannaí an Aontais, mar shampla trí eisceachtaí daonnúla a áireamh go comhsheasmhach i gcórais smachtbhannaí an Aontais. Oibriú i dtreo creat éifeachtach maidir le húsáid na n-eisceachtaí sin ag eagraíochtaí daonnúla a fhaigheann maoiniú ón Aontas. Tuilleadh tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil d'eagraíochtaí daonnúla maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí i gcórais éagsúla smachtbhannaí an Aontais.*
- *Leanúint d'idirphlé a chur chun cinn idir na páirtithe uile a bhfuil baint acu le cúnamh daonnúil (deontóirí, rialtóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus bainc) chun seachadadh cúnaimh dhaonnúil a éascú dóibh siúd go léir atá i ngátar.*

---

[60] Mar shampla, leis an Teachtaireacht dar teideal 'An córas eacnamaíoch agus airgeadais Eorpach: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú' beartaítear athbhreithniú ar na córais atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh, *inter alia*, ar a dtionchar ar sholáthar na cabhrach daonnúla https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52021DC0032&qid=1611728656387

[61] As 42 chóras smachtbhannaí de chuid an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair, áirítear eisceachtaí daonnúla de chineál éigin i 7 gcinn díobh.

[62] Sheol Airí Gnóthaí Eachtracha na Fraince agus na Gearmáine é i Nua-Eabhrac an 26 Meán Fómhair 2019. D'fhormhuinigh an tAontas é i mí na Nollag 2020. (https://onu.delegfrance.org/Strengthening-respect-for-international-humanitarian-law)

### 4.2 Rannpháirtíocht agus ceannaireacht an Aontais a fheabhsú

*Ag obair mar 'Fhoireann na hEorpa'*

Tugann an pobal tacaíocht láidir[63] do chabhair dhaonnúil an Aontais mar cheann de na gnéithe is feiceálaí de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Faoi Chonarthaí an Aontais, tá róil thábhachtacha ar leith ag na Ballstáit agus ag an Aontas araon maidir le cabhair dhaonnúil. Tá deis ann an tionchar comhchoiteann sin a ghiaráil trí iarrachtaí a chomhordú agus comhlántacht a chinntiú agus trí chur chuige an chumarphointe idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin a chur chun cinn.

Go sonrach, is féidir le **teachtaireachtaí coiteanna ón Aontas maidir le príomh-ghéarchéimeanna daonnúla** tionscnaimh 'taidhleoireachta daonnúla' a chothú ar an leibhéal déthaobhach, réigiúnach agus idirnáisiúnta. Le **gealltanais chomhdhlúite an Aontais** (in éineacht le gealltanais náisiúnta ó na Ballstáit), is féidir feabhas a chur ar infheictheacht ghealltanas an Aontais ag imeachtaí idirnáisiúnta gealltanais.

Le cur chuige Fhoireann na hEorpa is féidir leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún tairbhe a bhaint as **comhroinnt agus comhthiomsú anailíse** níos dlúithe fós i gcásanna géarchéime. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún de shaineolas a líonra allamuigh dhaonnúil[64] a chur ar fáil, in éineacht le saineolas Thoscaireachtaí an Aontais, ar mhaithe leis na Ballstáit. Cuimseofar leis sin an rogha cuid dá maoiniú a chur chun feidhme i ngéarchéimeanna sonracha trí ranníocaíocht dhíreach a dhéanamh le hionstraimí buiséid an Aontais mar **ioncam sannta seachtrach**, agus an rogha sin a chur ar fáil ar bhealach níos córasaí.

Is féidir le **comhthiomsú acmhainní** cuidiú freisin le tionchar idirghabhálacha an Aontais agus na mBallstát a uasmhéadú, agus an tráth céanna tugann sé an deis do na Ballstáit raon a gcúnaimh dhaonnúil a leathnú. Ar ndóigh, beidh na hiarrachtaí sin comhlántach le sásraí maoiniúcháin comhthiomsaithe seanbhunaithe agus níor cheart iad a bheith in iomaíocht leis na sásraí sin.

Ar an leibhéal oibríochtúil, cuirfidh an Coimisiún a shaineolas agus a acmhainní féin i láthair, sa chabhair dhaonnúil agus sa chosaint shibhialta araon, a líonra saineolaithe allamuigh daonnúla agus Líonra Eolais an Aontais um Chosaint Shibhialta[65] san áireamh. An tráth céanna, leanfaidh an tAontas de bheartais agus treoirlínte a fhorbairt i réimsí ábhartha na cabhrach daonnúla, ag tógáil ar an tionchar a bhí ag a bheartais théamacha i réimsí amhail cosaint, inscne, míchumas, bia, cothú, sláinte – mar shampla tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta – dídean, uisce, sláintíocht agus sláinteachas, oideachas i gcásanna éigeandála, an comhshaol agus modhanna seachadta cabhrach (e.g. cúnamh airgid).

Agus é ag rannchuidiú go gníomhach leis an idirphlé ar shaincheisteanna daonnúla ar an leibhéal iltaobhach, eagróidh an Coimisiún **Fóram Daonnúil Eorpach** in 2021 chun **plé**

[63] De réir léargais Eorabharaiméadair mhí na Nollag 2020, deir 91 % de shaoránaigh an Aontais a cuireadh faoi agallamh go bhfuil sé tábhachtach nó an-tábhachtach go maoiníonn an tAontas gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla https://ec.europa.eu/commfrontoffice/publicopinion/index.cfm/survey/getsurveydetail/instruments/special/surveyky/2265

[64] Tá líonra allamuigh daonnúil an Choimisiúin (ECHOField) comhdhéanta de 49 n-oifig i 41 tír agus cuireann thart ar 450 saineolaí cúnamh teicniúil ar fáil agus déanann siad faireachán ar chabhair dhaonnúil an Aontais.

[65] https://ec.europa.eu/echo/what/civil-protection/knowledge-network_en

**agus idirphlé níos marthanaí a chur chun cinn, mar shampla maidir leis na saincheisteanna beartais dhaonnúil a tharraingítear anuas sa Teachtaireacht seo** de mheon Fhoireann na hEorpa. Beidh príomhpháirtithe leasmhara ó na Ballstáit, ó institiúidí an Aontais, cuir i gcás Parlaimint na hEorpa agus gníomhaithe daonnúla oibríochtúla, rannpháirteach ann.

Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí **infheictheacht chabhair dhaonnúil an Aontais a chur chun cinn**. Tabharfaidh an Coimisiún an treoraíocht agus an faireachán ar oibleagáidí infheictheachta cothrom le dáta, rud a chuirfidh ar chumas a chomhpháirtithe daonnúla níos mó infheistíochta a dhéanamh i múscailt feasachta maidir le cabhair dhaonnúil an Aontais. Tacóidh gníomhaíochtaí cumarsáide an Choimisiúin le prionsabail fhoriomlána na trédhearcachta, na cuntasachta agus an idirphlé leis na saoránaigh.

*Rannpháirtíocht dhaonnúil an Aontais a neartú ar an leibhéal iltaobhach*

Sa timpeallacht gheopholaitiúil dhúshlánach atá i réim, tá an tAontas tiomanta do thacú le ról lárnach comhordúcháin na Náisiún Aontaithe sa fhreagairt ar ghéarchéimeanna daonnúla agus do chreataí normatacha agus dlíthiúla idirnáisiúnta a bhunú agus a chaomhnú. Chun tacú go héifeachtach leis na Náisiúin Aontaithe, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit a ndícheall **go córasach seasaimh a chomhdhlúthú** i bhfóraim idirnáisiúnta agus iltaobhacha, mar shampla ag moil na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac, sa Ghinéiv agus sa Róimh. Leanfaidh an tAontas de ról gníomhach a bheith aige san idirphlé idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna daonnúla, cuir i gcás i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus i gComhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe. **Neartóidh an tAontas a thuilleadh a rannpháirtíocht i gcomhlachtaí rialaithe ghníomhaireachtaí, chistí agus chláir na Náisiún Aontaithe**[66].

***Cuspóir:*** *Rannpháirtíocht agus ceannaireacht an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil a fheabhsú chun a tionchar a uasmhéadú.*

***Príomhghníomhaíochtaí*:**

- *Teachtaireachtaí coiteanna ón Aontas agus ó na Ballstáit a spreagadh maidir le príomh-ghéarchéimeanna daonnúla agus gealltanais chomhdhlúite ón Aontas agus ó na Ballstáit a spreagadh ag comhdhálacha idirnáisiúnta gealltanais dhaonnúil (in éineacht le himeachtaí náisiúnta) i gcur chuige Fhoireann na hEorpa. Gach iarracht a dhéanamh seasaimh an Aontais agus na mBallstát a chomhdhlúthú i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus iltaobhacha.*
- *Forbairt a dhéanamh ar an rogha ioncam sannta seachtrach a úsáid do Bhallstáit an Aontais chun leas a bhaint as láithreacht agus saineolas allamuigh daonnúil an Aontais.*
- *Fóram Daonnúil Eorpach a eagrú in 2021 chun idirphlé a chur chun cinn maidir le*

[66] Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le rannchuidiú an Aontais le hiltaobhachas riailbhunaithe a neartú https://eeas.europa.eu/sites/default/files/en_strategy_on_strengthening_the_eus_contribution_to_rules-based_multilateralism.pdf

*saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas daonnúil.*

- *Tuilleadh idirphlé a chur chun cinn agus dul i mbun tuilleadh idirphlé leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis na príomhghníomhaíochtaí beartaithe a leagtar amach sa Teachtaireacht seo a thabhairt chun cinn.*

## 5. Conclúidí

Is léiriú nithiúil í an chabhair dhaonnúil ar dhlúthpháirtíocht an Aontais, luach bunúsach a bhfuil géarghá leis le linn na tréimhse dúshlánaí seo. I bhfianaise riachtanais dhaonnúla atá ag dul i méid agus acmhainní teoranta agus i gcomhréir lena phrionsabail agus lena luachanna bunaidh, ní mór don Aontas leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa réimse sin. Ní féidir an clár oibre uaillmhianach a leagtar amach sa Teachtaireacht seo a bhaint amach ach amháin i ndlúthchomhar le Ballstáit an Aontais agus le comhpháirtithe daonnúla an Aontais. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle páirt a ghlacadh chun tacú leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa Teachtaireacht seo agus chun iad a thabhairt ar aghaidh.

## Foscríbhinn: forléargas ar na príomhghníomhaíochtaí

**<u>Príomhghníomhaíochtaí don Aontas Eorpach</u>**

***Cuspóir:*** *Gníomhaíocht dhaonnúil agus sásraí maoiniúcháin atá solúbtha agus éifeachtúil a chur chun cinn.*

- Socruithe maoiniúcháin ilbhliantúla agus solúbtha le comhpháirtithe daonnúla a leathnú – idirchaidreamh a dhéanamh le hionstraimí forbartha aon uair is féidir cur chuige an chumarphointe a bheith ann – agus ceanglais tuairiscithe a shimpliú/a

chomhchuibhiú i gcomhréir leis an Margadh Mór, agus a chinntiú an tráth céanna go ndéanfar measúnuithe ar riachtanais a chomhordú idir gníomhaireachtaí agus go neartófar cuntasacht, éifeachtúlacht agus infheictheacht thacaíocht an Aontais.

- Tacaíocht an Aontais do fhreagróirí áitiúla a mhéadú, cuir i gcás trí úsáid mhéadaithe a bhaint as cistí comhthiomsaithe tírbhunaithe agus as sásraí maoiniúcháin eile lena dtugtar tús áite do ghníomhaithe áitiúla.
- Treoir a fhorbairt maidir le comhpháirtíochtaí comhionanna le freagróirí áitiúla a chur chun cinn.
- Spreagadh a thabhairt do chomhpháirtithe daonnúla úsáid bhreise a bhaint as uirlisí digiteacha, mar shampla trí obair chomhpháirteach chun timpeallacht chumasúcháin a thógáil.
- Treoraíocht shonrach a fhorbairt maidir le húsáid airgid thirim dhigitigh a leathnú agus a chinntiú go mbíonn rochtain ag faighteoirí cabhrach ar réitigh dhigiteacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar bheartas téamach an Aontais maidir le haistrithe airgid thirim.
- Tacú le hinfheistíochtaí i réitigh chruthaithe, chostéifeachtacha, theicneolaíocht-bhunaithe don chabhair dhaonnúil, iad a mhéadú agus iad a chur chun cinn, ag tógáil freisin ar shamhail ghradaim na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí 2020.

***Cuspóir:*** *A chinntiú gur féidir cabhair dhaonnúil an Aontais a chur ar fáil go tapa agus go héifeachtúil dóibh siúd atá i ngátar.*

- Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil a fhorbairt chun bearnaí a líonadh, de réir mar is gá, rud a chuirfidh ar chumas Bhallstáit an Aontais agus na gcomhpháirtithe daonnúla cúnamh daonnúil a sholáthar go tapa, i gcomhordú agus i gcomhlántacht le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

***Cuspóir:*** *Tionchair agus tosca comhshaoil an athraithe aeráide a phríomhshruthú a thuilleadh i mbeartas agus i gcleachtas na cabhrach daonnúla agus comhordú le gníomhaithe forbartha, slándála agus aeráide/comhshaoil a neartú chun athléimneacht pobal leochaileach a chothú.*

- Treoirlínte agus oiliúint a ullmhú do chomhpháirtithe daonnúla an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil a ghlasú, d’fhonn lorg na cabhrach daonnúla ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú.
- Caiteachas a bhaineann leis an aeráid a rianú faoi Rialachán an Aontais maidir le Cabhair Dhaonnúil

***Cuspóir:*** *A chinntiú go n-oibreoidh beartais dhaonnúla, forbartha, síochána agus beartais eile le chéile chun fóirithint phráinneach agus réitigh níos fadtéarmaí a nascadh ar bhealach níos fearr, lena ndírítear ar riachtanais a laghdú agus ar dhul i ngleic le bunchúiseanna coinbhleachtaí agus géarchéimeanna.*

- Anailísí comhpháirteacha córasacha an Aontais a dhéanamh ar rioscaí, riachtanais, leochaileachtaí agus cúiseanna struchtúracha géarchéime, chomh maith le

clársceidealú comhleanúnach agus pleanáil bheartais an Aontais nuair is iomchuí, i gcomhréir leis an nasc idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin.

- Naisc éifeachtacha a chur chun feidhme idir na gníomhaíochtaí éagsúla daonnúla, forbartha agus síochána agus úsáid a bhaint as na huirlisí atá ann cheana, amhail idirphlé beartais, chun acmhainneachtaí náisiúnta agus áitiúla a neartú – acmhainneacht na n-údarás neamhstáit san áireamh – chun seirbhísí bunúsacha a sholáthar agus chun tacú le hathléimneacht a fhorbairt.
- Tacaíocht a leathnú le haghaidh líontáin sábhála shóisialta atá bunaithe ar airgead tirim agus a fhreagraíonn do shuaitheadh.
- Comhordú daonnúil sibhialta-míleata éifeachtach a chur chun cinn i ngach comhthéacs ábhartha, mar chreat chun an spás daonnúil a chosaint, dúbláil a sheachaint, neamhréireachtaí a íoslaghdú agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le gníomhaithe slándála agus cosanta a uasmhéadú.
- Sineirgí a fhorbairt le hidirghabháil síochána an Aontais agus le hiarrachtaí chun coinbhleachtaí a chosc, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail dhaonnúla, d’fhonn iarrachtaí a mhéadú chun fulaingt a mhaolú.
- An t-oideachas a chomhtháthú sna réimsí tosaíochta le haghaidh an naisc idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin chun cuidiú leis an mbearna dhomhanda san oideachas a dhúnadh, in éineacht le hearnálacha amhail an tsláinte, an tslándáil bia, an ullmhacht do thubaistí agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.

***Cuspóir**: Méadú mór a dhéanamh ar an mbonn acmhainní le haghaidh gníomhaíocht dhaonnúil.*

- Tionscnamh píolótach measctha a sheoladh ó bhuiséad daonnúil an Aontais chun maoiniú breise a ghiaráil ón earnáil phríobháideach i gcomhthéacs daonnúil in 2021.

***Cuspóir:** Comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta (DDI) a chur i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais chun pobail shibhialta a chosaint, chun tacú le gníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal agus chun oibrithe daonnúla agus oibrithe cúraim sláinte a chosaint.*

- Sásra comhordúcháin ar leibhéal an Aontais maidir le DDI a bhunú chun a chinntiú go ndéanfar faireachán níos fearr ar sháruithe DDI ar fud an domhain, chun comhordú ghníomhaithe ábhartha an Aontais a éascú agus chun tacú le taidhleoireacht dhaonnúil níos láidre san Aontas.
- Creat comhlíontachta DDI a neartú a thuilleadh mar chuid d’ionstraimí seachtracha an Aontais, trí dhícheall cuí agus trína idirphlé polaitiúil, slándála agus chearta an duine agus trína chomhaontuithe trádála le tíortha comhpháirtíochta, inter alia i gcás inarb ábhartha.
- Leanúint d’idirphlé a chur chun cinn idir na páirtithe uile a bhfuil baint acu le cúnamh daonnúil (deontóirí, rialtóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus bainc) chun seachadadh cúnaimh dhaonnúil a éascú dóibh siúd go léir atá i ngátar.

***Cuspóir:** Rannpháirtíocht agus ceannaireacht an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil a fheabhsú chun a tionchar a uasmhéadú.*

- Fóram Daonnúil Eorpach a eagrú in 2021 chun idirphlé a chur chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas daonnúil.
- Tuilleadh idirphlé a chur chun cinn agus dul i mbun tuilleadh idirphlé leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis na príomhghníomhaíochtaí beartaithe a leagtar amach sa Teachtaireacht seo a thabhairt chun cinn.

## Príomhghníomhaíochtaí don Aontas agus do na Ballstáit

***Cuspóir:*** *Tionchair agus tosca comhshaoil an athraithe aeráide a phríomhshruthú a thuilleadh i mbeartas agus i gcleachtas na cabhrach daonnúla agus comhordú le gníomhaithe forbartha, slándála agus aeráide/comhshaoil a neartú chun athléimneacht pobal leochaileach a chothú.*

- Méadú mór a dhéanamh ar sciar na gcistí aeráide atá tiomnaithe d'athléimneacht agus oiriúnú a fheabhsú sna tíortha agus sna réigiúin is mó atá i mbaol tubaistí, i gcomhréir le straitéis nua an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, agus mar chuid de chur chuige an chumarphointe idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin.
- Athléimneacht daonraí leochaileacha ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de a threisiú, trí chur chuige an chumarphointe idir an daonnúlachas, an fhorbairt agus an tsíocháin agus a chinntiú go scaipfear agus go gcuirfear chun feidhme treoir nua maidir le hullmhacht i gcomhair tubaistí i measc chomhpháirtithe daonnúla an Aontais, i ndlúthchomhar le gníomhaithe forbartha agus aeráide.
- Cineálacha cur chuige rioscabhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thuilleadh, cuir i gcás maoiniú riosca agus réamhghníomhaíocht a mhéadú i gcomhthéacsanna agus i réigiúin dhaonnúla éagsúla.

***Cuspóir:*** *A chinntiú go n-oibreoidh beartais dhaonnúla, forbartha, cothaithe síochána agus beartais eile le chéile chun fóirithint phráinneach agus réitigh níos fadtéarmaí a nascadh ar bhealach níos fearr, lena ndírítear ar riachtanais a laghdú agus ar dhul i ngleic le bunchúiseanna coinbhleachtaí agus géarchéimeanna.*

- Sásraí comhordúcháin a neartú ar an leibhéal allamuigh ar fud ghníomhaíochtaí daonnúla, forbartha agus cothaithe síochána an Aontais chun torthaí comhleanúnacha a chinntiú, le tacaíocht ó Thoscaireachtaí an Aontais agus ó oifigí allamuigh ECHO. Oibriú go dlúth le Ballstáit an Aontais sa chreat sin i gcur chuige Fhoireann na hEorpa.
- Leas a bhaint as rannpháirtíocht pholaitiúil agus taidhleoireachta an Aontais agus as na hionstraimí uile atá ar fáil chun géarchéimeanna a chosc, coinbhleachtaí a réiteach agus an tsíocháin a chothú, agus an tráth céanna dlús a chur leis an abhcóideacht chun tacú le hoibríochtaí daonnúla chun rochtain agus urraim do phrionsabail dhaonnúla, do chosaint sibhialtach agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta a éascú.

***Cuspóir**: Méadú mór a dhéanamh ar an mbonn acmhainní le haghaidh gníomhaíocht dhaonnúil.*

- A mheabhrú go ndearna an tAontas gealltanas 0.7 % den ollioncam náisiúnta a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil forbartha, oibriú leis na Ballstáit chun dlús a chur le gealltanais maidir le maoiniú daonnúil atá i gcomhréir leis an méadú géar atá tagtha le blianta beaga anuas ar riachtanais agus ceanglais dhaonnúla.
- Dlús a chur le rannpháirtíocht an Aontais le tíortha bronntacha traidisiúnta agus le tíortha bronntacha atá ag teacht chun cinn chun an fhreagracht chomhroinnte chun tacú leis an bhfreagairt dhaonnúil a mheabhrú agus í a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí in idirphlé polaitiúil an Aontais le tíortha ábhartha nach bhfuil san Aontas. Comhghuaillíochtaí a neartú nó a chruthú ar an leibhéal domhanda le tíortha atá ar aon intinn leo chun an clár oibre daonnúil domhanda a chur chun cinn.

***Cuspóir:** Comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta (DDI) a chur i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais chun pobail shibhialta a chosaint, chun tacú le gníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal agus chun oibrithe daonnúla agus oibrithe cúraim sláinte a chosaint.*

- Smaoineamh ar sháruithe tromchúiseacha DDI a áireamh mar fhorais lena liostú i gcórais smachtbhannaí an Aontais nuair is iomchuí agus a chinntiú an tráth céanna go seachnófar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar ghníomhaíochtaí daonnúla.
- Leanúint dá chinntiú go léireofar DDI go hiomlán i mbeartas smachtbhannaí an Aontais, mar shampla trí eisceachtaí daonnúla a áireamh go comhsheasmhach i gcórais smachtbhannaí an Aontais. Oibriú i dtreo creat éifeachtach maidir le húsáid na n-eisceachtaí sin ag eagraíochtaí daonnúla a fhaigheann maoiniú ón Aontas. Tuilleadh tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil d'eagraíochtaí daonnúla maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí i gcórais éagsúla smachtbhannaí an Aontais.

***Cuspóir:** Rannpháirtíocht agus ceannaireacht an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil a fheabhsú chun a tionchar a uasmhéadú.*

- Teachtaireachtaí coiteanna ón Aontas agus ó na Ballstáit a spreagadh maidir le príomh-ghéarchéimeanna daonnúla agus gealltanais chomhdhlúite ón Aontas agus ó na Ballstáit a spreagadh ag comhdhálacha idirnáisiúnta gealltanais dhaonnúil (in éineacht le himeachtaí náisiúnta) i gcur chuige Fhoireann na hEorpa. Gach iarracht a dhéanamh seasaimh an Aontais agus na mBallstát a chomhdhlúthú i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus iltaobhacha.
- Forbairt a dhéanamh ar an rogha ioncam sannta seachtrach a úsáid do Bhallstáit an Aontais chun leas a bhaint as láithreacht agus saineolas allamuigh daonnúil an Aontais.